# Bearradh Gruaige

Eochairfhocail: carthanacht, fonn, folt bréige, oispís, éacht

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1 Cé mhéad orlach a bhain Éabhín dá cuid gruaige?
2. Cén dá charthanacht ar chabhraigh Éabhín leo?
3. Cé mhéad bliain atá Éabhín ag fás a cuid gruaige?
4. Cén chaoi a mothaíonn máthair Éabhín fúithi?

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat cur síos a dhéanamh ort féin? Bain úsáid as na nathanna thíos.**

- Is mise ______________________________.
- Táim _____________________ bliana d'aois.
- Tá gruaig (rua/fhionn/dhubh/dhonn) orm.
- Tá gruaig (fhada/ghearr/chatach/dhíreach) orm.
- Tá súile (glasa/gorma/liath/donna/dorcha/geala/móra) agam.
- Caithim spéaclaí/Ní chaithim spéaclaí.
- Táim (ard/beag/meánach).
- Is duine (spórtúil/aclaí/acadúil/ceolmhar/deas/cineálta/spraíúil) mé.

# Na Freagraí

1. 14 orlach
2. Rapunzel Foundation agus Laura Lynn
3. 10 mbliana
4. Tá sí an-bhródúil aisti.

